SAORGHLUAISEACHT OIBRITHE CHUIG AN mBULGÁIR AGUS AN RÓMÁIN AGUS UATHU – CONAS A OIBREOIDH SÍ SA GHNÁTHCHLEACHTADH?

1. Réamhrá

Tá saorghluaiseacht daoine ar cheann de na saoirsí bunúsacha a ráthaítear le dlí an Chomhphobail agus áirítear léi an ceart chun cónaí agus obair i mBallstát eile. Ní bhaineann an ceart chun saorghluaiseachta laistigh den Chomhphobal le hoibrithe amháin; baineann sé freisin le catagóirí eile daoine mar mhic léinn, pinsinéirí agus saoránaigh an AE go ginearálta. B'fhéidir gurb é an ceart is tábhachtaí faoi dhlí an Chomhphobail do dhaoine aonair, agus is gné riachtanach den Mhargadh Inmheánach agus den tSaoránacht Eorpach araon é. Cinneadh mór atá i mbogadh go tír éigin eile, agus teastaíonn eolas cruinn ó dhaoine i leith a gceart. Míníonn an Treoir seo conas a bhainfidh saorghluaiseacht oibrithe le saoránaigh na Bulgáire agus na Rómáine tar éis aontachais an dá thír seo leis an Aontas Eorpach sa bhliain 2007, ar bhunús na socruithe idirthréimhseacha atá leagtha amach sa Chonradh Aontachais. Tugtar freisin liosta foinsí i réimse shaorghluaiseacht na n-oibrithe agus chearta na saoránach. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mbaineann na socruithe idirthréimhseacha *ach amháin* le rochtain ar an mhargadh saothair ag **oibrithe**.

2. Socruithe Idirthréimhseacha

a) An bhféadfaidh mé obair i mBallstát éigin eile an AE ó 1 Eanáir 2007 ar aghaidh?

Is ar dhlí agus beartas náisiúnta na 25 Ballstát den AE[1], chomh maith leis na comhaontuithe déthaobhacha a d'fhéadfadh bheith acu leis an mBulgáir agus an Rómáin, a bhraithfidh rochtain oibrithe Bulgáracha agus Rómánacha ar mhargaí saothair na mBallstát sin. Thug roinnt Ballstát le fios go bhfuil sé de rún acu a margaí saothair a oscailt go hiomlán d'oibrithe Bulgáracha agus Rómánacha. Tá sé de rún ag Ballstáit eile an AE-25 rochtain níos srianta a cheadú, rud a chiallaíonn go praiticiúil gur dóichí go mbeidh cead oibre uait i rith na tréimhse ina gcuirfidh Ballstáit an AE-25 bearta náisiúnta i bhfeidhm.

b) Cad a tharlóidh ag deireadh 2008?

Is amhlaidh a dhréachtóidh an Coimisiún tuarascáil ag deireadh an chéad dhá bhliain tar éis an aontachais, a ndéanfaidh an Chomhairle athbhreithniú ar fheidhmiú na socruithe idirthréimhseacha dá barr. Ina theannta sin, ní mór do gach Ballstát an AE-25 fógra foirmiúil a thabhairt don Choimisiún an bhfuil sé de rún acu leanúint ar aghaidh le bearta dlí náisiúnta ar feadh uastréimhse de thrí bliana eile (teastóidh cead oibre uathu sa chás sin) nó an gcuirfidh siad i bhfeidhm réimeas dhlí an Chomhphobail um shaorghluaiseacht iomlán oibrithe (rud a chiallóidh go bhféadfaidh tú dul agus obair go saor ann) .

c) Cathain a fhéadfaidh mé obair go saor i mBallstáit an AE-25?

Ba cheart i bprionsabal go dtiocfadh deireadh leis na socruithe idirthréimhseacha cúig bliana i ndiaidh an aontachais. Ní fhéadfadh Ballstát éigin an AE-25 údarú a iarraidh ón gCoimisiún ámh chun leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm na mbeart náisiúnta ar feadh dhá bhliain eile, ach amháin sa chás má chuirtear isteach go tromchúiseach ar a mhargadh saothair (nó an bhagairt de

[1] Ciallaíonn AE-25 gach Ballstát den AE roimh 1 Eanáir 2007: An Bheilg, An Chipir, An Danmhairg, An Eastóin, Éire, An Fhionlainn, An Fhrainc, An Ghearmáin, An Ghréig, An Iodáil, An Íoslainn, An Laitvia, An Liotuáin, Lucsamburg, Málta, An Ostair, An Pholainn, An Phortaingéil, Poblacht na Seice, An Ríocht Aontaithe, An Spáinn, An tSlóivéin, An tSlóvaic, An tSualainn, An Ungáir.

sin). Ní féidir na socruithe idirthréimhseacha a shíneadh thar *dhearbh-uastréimhse* de sheacht mbliana.

d) An dteastóidh cead oibre uaim ach a mbeidh saorghluaiseacht i bhfeidhm?
Ach a mbeidh deireadh le srianta an dlí náisiúnta agus a mbeidh an tsaorghluaiseacht oibrithe i bhfeidhm, is amhlaidh nach mbeidh cead ag Ballstáit an AE-25 cead oibre a iarraidh ort *mar choinníoll rochtana* don mhargadh saothair. D'fhéadfaidís fós ceadanna oibre a eisiúint d'oibrithe Bulgarácha agus Rómánacha áfach, ar an gcoinníoll gur chun críocha monatóireachta agus staitisticí *amháin* iad.

e) An bhféadfaidh Ballstáit an AE-25 srianta a ath-fhorchur ("clásal cosanta")?
Má tá Ballstát an AE-25 tar éis éirí as bearta náisiúnta a chur i bhfeidhm agus má tá feidhm le saorghluaiseacht iomlán oibrithe faoi dhlí an Chomhphobail, féadann sé údarú a iarraidh chun srianta a ath-fhorchur, má fheictear fadhbanna tromchúiseacha ina mhargadh saothair, nó bagairt díobh sin bheith ann. Caithfidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh faoin saghas srianta is féidir a fhorchur, agus an fad a mhairfidh siad. Féadann aon Bhallstát iarraidh ar an gComhairle ansin cinntí an Choimisiúin a neamhniú nó a leasú, agus ní mór aontú air sin trí thromlach cáilithe. Cé go raibh "clásail chosanta" i ngach Conradh aontachais, níor toghraíodh riamh iad.

f) An ndéanfar leatrom orm sa mhargadh saothair?
Tá *toirmeasc* ar leatrom ar fhorais na náisiúntachta. Maidir le rochtain ar phoist, ní mór do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt d'oibrithe ón mBulgáir agus ón Rómáin thar oibrithe ó thríú tíortha. D'fhéadfaí roinnt post san earnáil phoiblí a choinneáil do náisiúnaigh an óst-Bhallstáit.

g) Mura oibrí mé– an mbeidh srianta orm freisin?
Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mbaineann na socruithe idirthréimhseacha ach le *hoibrithe amháin* – nach mbaineann siad le soláthar saor seirbhísí ná saoirse na bunaíochta, mac léinn, pinsinéirí, turasóirí srl. (ach go bhfuil eisceacht theoranta do sholáthróirí seirbhíse a mhíneofar níos déanaí).

3. Cad a tharlóidh má táim ag obair cheana féin i gceann éigin de Bhallstáit an AE-25?
Má tá tú ag obair go dleathach i mBallstát an AE-25 ag dáta an aontachais, agus má tá cead oibre nó údarú ar feadh 12 mhí nó níos faide agat, beidh rochtain dhíreach agat ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin, ach ní bheidh uathrochtain agat ar mhargaí saothair Bhallstáit eile an AE-25 a chuireann bearta náisiúnta i bhfeidhm i rith na socruithe idirthréimhseacha. Má théann tú chuig Ballstát an AE-25 tar éis an dáta aontachais, agus má tá cead agat obair ar feadh 12 mhí nó níos mó, is amhlaidh a bheidh na cearta céanna agat. Ach má fhágann tú margadh saothair an óst-Bhallstáit go deonach, caillfidh tú an ceart chun rochtana ar mhargadh saothair an Stáit sin go dtí go bhfuil an socrú idirthréimhseach tar éis dul in éag.

4. Cad faoi bhaill mo theaghlaigh?
Beidh rochtain láithreach ar mhargadh saothair Bhallstáit éigin an AE-25 ag baill teaghlaigh oibrí ón mBulgáir agus ón Rómáin a ligeadh isteach go dleathach do mhargadh saothair an Bhallstáit úd ar feadh 12 mhí nó ní ba mhó an dáta aontachais. Má théann an teaghlach leis an oibrí tar éis an dáta aontachais, beidh rochtain acu ar mhargadh saothair an Ballstáit sin ach a mbeidh siad ina gcónaí ann ar feadh 18 mí nó ón tríú bliain tar éis an aontachais, pé acu is luaithe. Ciallaíonn

“Baill teaghlaigh” sa chás seo céile an oibrí agus a leanaí atá faoi bhun 21 bliain d’aois, nó ar cleithiúnaigh iad.

5. Cad é an “clásal gan léasú”?
Ciallaíonn sé seo nach bhféadann Ballstáit an AE-25 rochtain ar a margaí saothair ag oibrithe ón mBulgáir agus ón Rómáin a dhéanamh níos srianta ná mar a bhí sé an dáta a síníodh an Conradh aontachais, 25 Aibreán 2005. Má tá cuóta oibrithe ón mBulgáir agus ón Rómáin ag ceann de Bhallstáit an AE-25 atá leagtha amach i gcruinniú déthaobhach dar dáta 2005 nó níos luaithe, is amhlaidh dá réir nach féidir leis dul faoi bhun an chuóta sin.

6. An bhféadfaidh mé dul ag obair sa Bhulgáir nó sa Rómáin?
Má tá tú i do náisiúnach ar cheann de Bhallstáit an AE-25, níl aon uathshrianta ar do cheart bogadh chuig an mBulgáir nó an Rómáin chun obair. Má fhorchuireann do Bhallstát srianta ar náisiúnaigh na Bulgáire nó na Rómáine ámh, d’fhéadfadh an Bhulgáir nó an Rómáin srianta comhionanna a fhorchur ar oibrithe ó do Bhallstát dá réir. Má leanann aon cheann de Bhallstáit an AE-25 air ag cur i bhfeidhm beart náisiúnta in áit na saorghluaiseachta faoi dhlí an Chomhphobail, d’fhéadfadh an Bhulgáir an “clásal cosanta” a úsáid ansin chun srianta a fhorchur ar oibrithe ón Rómáin, agus d’fhéadfadh an Rómáin an “clásal cosanta” a úsáid chun srianta a fhorchur ar oibrithe ón mBulgáir má tá corraíl acu ina margadh saothair (féach alt 2(e) thuas).

7. Cad a tharlóidh má oibrímse do chuideachta a sholáthraíonn seirbhísí san Ostair nó sa Ghearmáin?
Maidir leis an Ostair agus an nGearmáin, tá “clásal cosanta” faoi leith ann faoina bhféadann siad teorainn a chur le cumas cuideachtaí atá lonnaithe sa Bhulgáir nó sa Rómáin seirbhísí lena mbaineann gluaiseacht shealadach oibrithe a sholáthar. Ní bhaineann sé sin ach le liosta teoranta earnálacha ámh, mar shampla an tógáil agus an glanadh tionsclaíoch, agus ní féidir é a thoghairm ach amháin má tá corraíl thromchúiseach ar na hearnálacha seirbhíse atá i gceist, agus ní féidir é a thoghairm ach i rith na tréimhse ina gcuireann an Ostair agus an Ghearmáin bearta náisiúnta i bhfeidhm faoi na socruithe idirthréimhseacha. Tá an nós imeachta mar an gcéanna agus atá don phríomhchlásal cosanta a míníodh in alt 2(e) thuas.

8. Cén cearta leasa shóisialaigh a bheidh agam?
Beidh córas an Chomhphobail do chomhordú scéimeanna leasa shóisialaigh do dhaoine a bhogann timpeall an Chomhphobail (atá i Rialacháin 1408/71 agus 574/72) ón dáta aontachais. Mar sin ní chaillfear aon cheann de do ranníocaíochtaí, agus bheifeá clúdaithe ag córas leasa shóisialaigh an Bhallstáit ina n-oibríonn tú de ghnáth.

9. Conclúid
Is casta iad na socruithe idirthréimhseacha atá leagtha amach sa Chonradh aontachais, ach is í an tsolúbthacht a fhéadann bheith lena gcur i bhfeidhm is cúis leis den chuid is mó. Mar thoradh air sin is amhlaidh atá sé deacair eolas cruinn a sholáthar, mar ní mór do gach Ballstát an AE-25 cinneadh a ghlacadh um rochtain ar a margaí saothair ag saoránaigh na Bulgáire agus na Rómáine. Áit mhaith le tosú is ea láithreán gréasáin chóras EURES an Choimisiúin, ina soláthraítear eolas ar fholúntais phoist sna Ballstáit.

10. Foinsí eolais

- http://ec.europa.eu/eures (cuardach poist)
- http://ec.europa.eu/youreurope (eolas um bogadh go Ballstát éigin eile)
- http://ec.europa.eu/employment_social/social_security_schemes/index_en.htm (comhordú scéimeanna leasa shóisialaigh)
- http://ec.europa.eu/enlargement/index.htm (eolas ginearálta um an méadú)
- http://ec.europa.eu/europedirect/index_en.htm (ceisteanna ginearálta i leith an AE)
- http://ec.europa.eu/employment_social/legis_en.html (reachtaíocht an Chomhphobail)
- http://ec.europa.eu/enlargement/countries/acceding_en.htm (téacs an Chonartha Aontachais)
- http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/site/en/com/2002/com2002_0694en01.pdf (2002 Cumarsáid an Choimisiúin um Shaorghluaiseacht)